



EUROPEAN COMMISSION

Directorate-General for Internal Market, Industry, Entrepreneurship and SMEs

Single Market Enforcement

Notification of Regulatory Barriers

Uimhir an Fhógra : 2023/0350/IE (Ireland)

Bille Sláinte Poiblí (Táirgí Tobac agus Táirgí Ionanálaithe Nicitín)

An dáta ar a bhfuarthas é/í : 07/06/2023

Deireadh leis an Tréimhse Neamhghníomhaíochta : 08/09/2023 (closed)

Message

Teachtaireacht 001

Teachtaireacht ón gCoimisiún — TRIS/(2023) 1720

Treoir (AE) 2015/1535

Fógra a thabhairt 2023/0350/IE

Dréacht-téacs a fhógairt ó Bhallstát

Notification – Notificación – Notifizierung – Нотификация – Oznámení – Notifikation – Γνωστοποίηση – Notificación – Teavitamine – Ilmoitus – Obavijest – Bejelentés – Notifica – Pranešimas – Paziņojums – Notifika – Kennisgeving – Zawiadomienie – Notificação – Notificare – Oznámenie – Obvestilo – Anmälan – Fógra a thabhairt

Does not open the delays - N'ouvre pas de délai - Kein Fristbeginn - Не се предвижда период на прекъсване - Nezahtuje prodlení - Fristerne indledes ikke - Καμία έναρξη προθεσμίας - No abre el plazo - Viivituste perioodi ei avata - Määräaika ei ala tästä - Ne otvara razdoblje kašnjenja - Nem nyitja meg a késésket - Non fa decorrere la mora - Atidėjimai nepradedami - Atlikšanas laikposms nesākas - Ma jiftaħx il-perijodi ta' dewmien - Geen termijnbegin - Nie otwiera opóźnień - Não inicia o prazo - Nu deschide perioadele de stagnare - Nezačína oneskorenia - Ne uvaja zamud - Inleder ingen frist - Ní osclaíonn sé na moilleanna

MSG: 20231720.GA

1. MSG 001 IND 2023 0350 IE GA 07-06-2023 IE NOTIF

2. Ireland

3A. National Standards Authority of Ireland

3B. Department of Health

4. 2023/0350/IE - X60M - Tobacco

5. Bille Sláinte Poiblí (Táirgí Tobac agus Táirgí Ionanálaithe Nicitín)

6. Leis an dréacht-Bhille rialaítear an miondíol táirgí tobac agus táirgí ionanálaithe nicitín, lena n-áirítear toitíní leictreonacha.

7.

8. Is é príomhchuspóir an Bhille miondíol táirgí tobac agus táirgí ionanálaithe nicitín a rialáil, lena n-áirítear córas



EUROPEAN COMMISSION

Directorate-General for Internal Market, Industry, Entrepreneurship and SMEs
Single Market Enforcement
Notification of Regulatory Barriers

ceadúnúcháin agus srianta breise ar dhíol na dtáirgí sin a thabhairt isteach.

Is iad seo a leanas na príomhfhógraí:

- Córas ceadúnúcháin a thabhairt isteach chun táirgí tobac agus táirgí ionanálaithe nicitín a mhiondíol agus táille bhliantúil in aghaidh an áitribh agus in aghaidh an láithreáin ghréasáin a chur san áireamh
- Toirmeasc a chur ar tháirgí ionanálaithe nicitín a dhíol le daoine faoi bhun 18 mbliana d'aois
- Toirmeasc a chur ar dhaoine atá faoi bhun 18 mbliana d'aois táirgí tobac agus táirgí ionanálaithe nicitín a dhíol
- Toirmeasc a chur ar tháirgí tobac agus táirgí ionanálaithe nicitín a dhíol ó mheaisíní díola féinseirbhíse
- Toirmeasc a chur ar tháirgí tobac agus táirgí ionanálaithe nicitín a dhíol ó áitribh shealadacha nó shoghluaiste (tob-shiopaí)
- Toirmeasc a chur ar tháirgí tobac agus táirgí ionanálaithe nicitín a dhíol ag imeachtaí atá beartaithe go príomha do leanaí
- Íostréimhsí fionraí a thabhairt isteach do mhiondíoltóirí táirgí tobac nó táirgí ionanálaithe nicitín a ciontaíodh i gcion
- Fógraí um pionós socraithe a thabhairt isteach le haghaidh cionta
- Fógraí a dhéanamh maidir le faisnéis a fhoilsiú i ndáil le gnóchtaí a chiontaíodh i gcion coiriúla áirithe faoin dlí sláinte poiblí maidir leis an tobac

9. De réir an tSuirbhé Éire Shláintiúil ó 2022, is é 18% nó beagnach 1 as gach 5 den daonra an ráta caitheamh tobac in Éirinn faoi láthair (15 bliana d'aois agus os a chionn). Tá sé seo comhdhéanta de 14% daoine a chaitheann tobac go laethúil agus 4% daoine a chaitheann tobac ó am go chéile. Is é an ráta is airde i measc na ndaoine idir 25-34 bliana d'aois ag 24% nó beagnach 1 as gach 4.

I measc leanaí, léiríonn sonraí ón Suirbhé ar Iompraíocht Sláinte i Leanaí in Aois Scoile ó 2018 go bhfuil 5% acu ag caitheamh tobac go rialta agus go bhfuil 11% acu tar éis caitheamh tobac riamh. Léirítear sa Tionscadal Suirbhé Scoileanna Eorpacha um Alcól agus Drugaí eile ó 2019 go bhfuil 14.4% de dhaoine idir 15 agus 16 bliana d'aois ag caitheamh tobac faoi láthair.

B'ionann úsáid na toitíní leictreonach i measc daoine fásta agus 6% in 2022 de réir an tSuirbhé Éire Shláintiúil, le 3% ag vápáil go laethúil agus 3% ó am go chéile.

I measc leanaí, léirigh an Suirbhé ar Iompraíocht Sláinte i Leanaí in Aois Scoile ó 2018 gur bhain 9% úsáid as toitín leictreonach le 30 lá anuas agus go raibh iarracht déanta ag 22%. Léirítear sa Tionscadal Suirbhé Scoileanna Eorpacha um Alcól agus Drugaí eile ó 2019 gur bhain 15.5% de dhaoine idir 15 agus 16 bliana d'aois úsáid as toitín leictreonach le 30 lá anuas.

Tá caitheamh tobac araon andúile agus marfach: faigheann duine i ngach beirt a chaitheann tobac bás mar thoradh díreach ar a chaitheamh tobac. In Éirinn, tá thart ar 4 500 bás gach bliain nó 12 bhás in aghaidh an lae inchurtha i leith caitheamh tobac agus nochtadh ar toit thánaisteach.

Chomh maith le líon na ndaoine a fhaigheann bás, bíonn an tobac agus an nochtadh ar toit thánaisteach ina chúis le réimse ollmhór breoiteachta agus míchumais inchoiscthe lena n-áirítear 16 chineál ailse; galair riospráide amhail asma agus galar scamhóige toirmeascach ainsealach (COPD); galair chardashoithíocha lena n-áirítear ainéarais, galar corónach croí, galar artaireach forimeallach agus stróc; airtríteas réamatóideach, diaibéiteas agus néaltrú.

De réir Chlárlann Náisiúnta Ailse na hÉireann, is iad caitheamh tobac agus nochtadh ar toit thánaisteach is cúis le 13% de na hailse go léir anseo lena n-áirítear 76% d'aillsí scamhóg, 67% d'aillsí larainge agus 47% d'aillsí an lamhnáin.

I gcóras sláinte na hÉireann, is ionann caitheamh tobac agus nochtadh ar toit thánaisteach agus 2% d'iontrálacha cásanna lae, 5% de líon iomlán na n-iontrálacha d'othair chónaitheacha agus 8% de na laethanta leapa go léir (os cionn 300 000). In 2019, tharla thart ar 44 000 scaoileadh ospidéal a bhain le caitheamh tobac; is méadú 21% é seo ó 2010 i



EUROPEAN COMMISSION

Directorate-General for Internal Market, Industry, Entrepreneurship and SMEs
Single Market Enforcement
Notification of Regulatory Barriers

leith. Le linn na tréimhse deich mbliana ó 2010 go 2019, bhain 3.2% de na hiontrálacha ospidéal ar fad le caitheamh tobac dóibh siúd atá 35 bliana d'aois nó níos sine.

Bíonn tionchar mór ag caitheamh tobac ar neamhionannais sláinte agus is iad na daoine nach bhfuil ina suí go te atá ag fulaingt an chuid is mó ó na héifeachtaí díobhálacha a bhaineann le caitheamh tobac.

In 2016, rinne ICF International measúnú ar an gcostas eacnamaíoch a bhain le caitheamh tobac in Éirinn. Measadh gurbh é €10.7 billiún an costas iomlán do shochaí na hÉireann in aghaidh na bliana maidir le cúram sláinte, táirgiúlacht agus costais eile.

Táirgí Ionanálaithe Nicitín lena n-áirítear toitíní leictreonacha

Tá easpa comhdhearcadh eolaíoch ann fós maidir leis na díobhálacha sláinte a bhaineann le táirgí ionanálaithe nicitín amhail toitíní leictreonacha. Is é an rud a chomhaontaítear go ginearálta ná nach bhfuil táirgí ionanálaithe nicitín neamhdhíobhálach ach nach bhfuil siad chomh díobhálach le toitíní tobac, gur féidir leo cabhrú le daoine a chaitheann tobac éirí as agus go bhfuil gá le tuilleadh taighde chun éifeachtaí sláinte fadtéarmacha féideartha a bhunú.

Fuarthas amach am meid seo a leanas i dtaighde a rinneadh d'Aire Sláinte na hÉireann i mí Dheireadh Fómhair 2020:

- Baineann úsáid toitíní leictreonacha le dóchúlacht mhéadaithe caitheamh tobac i measc déagóirí.
- Níl toitíní leictreonacha neamhdhíobhálach ach d'fhéadfadh laghdú ar dhíobháil i ndáil le caitheamh tobac a bheith i gceist leo.
- Tá gá le tuilleadh taighde chun éifeachtaí fadtéarmacha sláinte toitíní leictreonacha, agus táirgí tobac a téitear ach nach ndóitear iad, a bhunú.
- Tá toitíní leictreonacha chomh héifeachtach agus atá Teiripí Athsholáthair Nicitín ceadaithe le haghaidh éirí as caitheamh tobac ag 6 mhí. Tá gá le tuilleadh taighde chun a sábháilteacht agus a n-éifeachtacht a bhunú san fhadtéarma.

Cé nach bhfuil aon dochar fadtéarmach do shláinte daoine fásta fós soiléir, mhol an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, ó mhí Iúil 2014, go gcuirfí cosc ar dhíolachán toitíní leictreonacha le mionaoisigh toisc go bhfuil fianaise leordhóthanach ann go bhféadfadh nochtadh ar nicitín i measc na n-ógánach iarmhairtí fadtéarmacha a bheith acu ar fhorbairt inchinne agus freisin cosc a chur ar mhionaoisigh a bheith neamhchosanta ar nicitín agus an baol ann go bhféadfadh sé sin feidhmiú mar thairseach chun táirgí tobac a úsáid. Dearbhaíodh i dtaighde na hÉireann an baol atá ann go méadóidh úsáid táirgí ionanálaithe nicitín an dóchúlacht go mbeidh déagóir ag caitheamh tobac.

10. Tagairtí na mBuntéacsanna:

B-2023-0350-EN-01

B-2023-0350-EN-02

11. Ní hea

12.

13. Ní hea

14. No



EUROPEAN COMMISSION

Directorate-General for Internal Market, Industry, Entrepreneurship and SMEs

Single Market Enforcement

Notification of Regulatory Barriers

15. Yes

16.

Gnéithe BTT: No

Gnéithe SPS: No

An Coimisiún Eorpach

Pointe teagmhála Treoir (AE) 2015/1535

ríomhphost: grow-dir2015-1535-central@ec.europa.eu